Páipéar Samplach 4
Gaeilge: Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Mairfidh an triail seo tuairim is fiche nóiméad. Tá trí chuid sa triail: Cuid A, Cuid B agus Cuid C. Tá na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le gach ceann de na trí chuid sin clóbhuailte ar do scrúdpháipéar.

Cuid A

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

Fógra a haon

Cuirfear tús le clár nua ar TG4 ar an gcéad lá de mhí Iúil. Pop 4 an tSamhraidh an tainm a bheidh air. Beidh an clár seo ar siúl ar a cúig a chlog tráthnóna, gach Satharn. Beidh an clár ag freastal ar an tsuim atá ag daoine óga sa phopcheol nua-aoiseach idirnáisiúnta. Rud amháin atá difriúil faoin gclár ná go dtiocfaidh sé ó áiteanna difriúla ar fud na tíre. Craolfar an chéad chlár ó chathair Luimnigh. Beidh na físeáin is fearr agus an 40 singil is coitianta á seinm le linn na gclár.

Fógra a dó

Seolfaidh an Taoiseach bróisiúr eolais faoi Chraobh Pheile na mBan i bPáirc an Chrócaigh an Satharn seo chugainn. Tá Cumann Peile na mBan agus TG4 i bpáirt lena chéile arís i mbliana san fheachtas seo chun an spórt seo a chur chun cinn. Déanann TG4 urraíocht ar an gcomórtas seo agus déanann siad craoladh beo ar na cluichí leathcheannais agus ar na cluichí ceannais. Dar le Pól Ó Gallchóir, ceannasaí TG4, beidh trí chéad míle duine ag féachaint ar na cluichí sin in 2007.

Cuid B

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

Comhrá a haon

Pádraig: Tomhais cá mbeidh mise ag dul an chéad Satharn de mhí an Mheithimh, a Eithne?

Eithne: Níl tuairim agam, a Phádraig. Abair liom é!

Pádraig: Go Páirc an Chrócaigh, mar fuair mé dhá thicéad inné ó m'uncail don chluiche idirnáisiúnta sacair a bheidh ar siúl ann

Eithne: Ó, is cuimhin liom anois é. Beidh Poblacht na hÉireann agus an Spáinn ag imirt an lá sin nach mbeidh?

Pádraig: Beidh go deimhin, a chailín. Ócáid stairiúil í, cluiche sacair i bPáirc an Chrócaigh … agus beidh mise i láthair.

Eithne: Bhuel, a Phádraig, dar liomsa go bhfuil sé ceart agus cóir go mbeadh an sacar á imirt i bPáirc an Chrócaigh. Ach an táille a bheidh le híoc ag Cumann Sacair na hÉireann, tá sí ró-ard.

Pádraig: Tá an ceart ag Cumann Lúthchleas Gael táille ard a lorg, a Eithne. Féach na costais arda a bhí orthu an staid nua a thógáil i bPáirc an Chrócaigh.

Eithne: Nár thug an Rialtas 25 milliún euro dóibh leis sin a dhéanamh ar choinníoll go mbeadh an staid ar fáil do chluichí rugbaí agus sacair?

Pádraig: Ó, níl fhios agam an bhfuil an tuairim sin agat ceart, a Eithne. Ach is cinneadh é a chabhraíonn leis an

spórt a chur chun cinn sa tír.

Eithne: Aontaím leat ansin, a Phádraig. Cinneadh maith a bhí ann agus gan amhras cabhróidh sé le leas an spóirt sa tír. Bhuel, tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh as an gcluiche, agus go mbeidh an bua ag Éirinn.

Comhrá a dó

Máire: Cuireann sé iontas orm an méid daoine a théann go dtí an phictiúrlann na laethanta seo, a Shéamais.

Séamas: Ní haon iontas é sin, a Mháire. Féach na háiseanna breátha atá sna pictiúrlanna anois: siopa caife, bia de gach saghas, suíocháin chompordacha, gan trácht ar an gcóras iontach fuaime.

Máire: Sea, a Shéamais, ach nach mbíonn gach scannán ar físteip nó ar dlúthdhiosca anois, agus bíonn teilifíseáin bhreátha ag daoine sna seomraí suite féin.

Séamas: Á, a Mháire, éist liom; ní féidir taitneamh ceart a bhaint as scannán nua aimsire ar an teilifís. Bíonn an scáileán ró-bheag.

Máire: Seafóid, a Shéamais. Is ag caint faoi scannáin mar 'Troy' nó 'Titanic' atá tusa anois, scannáin a mbíonn seiteanna móra iontu agus a lán lán daoine páirteach iontu.

Séamas: Ach bíonn an chuid is mó de na scannáin nua-aimseartha mar sin, a Mháire, agus ní féidir leis an teilifís a gceart a thabhairt dóibh ar chor ar bith.

Máire: Ní aontaím leat ar chor ar bith, a Shéamais. Is é an scéal maith a dhéanann an scannán maith i gcónaí, dar liomsa, agus is cuma cén áit a dtaispeántar iad, ar an teilifís nó sa phictiúrlann.

Séamas: Cén fáth mar sin, a Mháire, a dtiteann tusa i do chodladh nuair a bhíonn ceann acu sin ar an teilifís?

Máire: Ní fíor sin, a Shéamais. Is iad na scannáin a mbíonn suim agatsa iontu a chuireann i mo chodladh mé agus sin é an bua is mó atá acu!

Cuid C

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

Píosa a haon

D'oscail Méara na Gaillimhe, an Comhairleoir Nollaig Ó Brolcháin, músaem breá nua sa chathair sin le déanaí. Mhol gach duine a bhí i láthair an spás geal taitneamhach san fhoirgneamh nua seo. Tugadh suntas ar leith don dealbh de Phádraic Ó Conaire a bheidh sa mhúsaem feasta. Bogadh an dealbh ón bhFaiche Mhór i lár na cathrach go dtí an músaem nua. Ba é Micheál D. Ó hUiginn, Teachta Dála ón gceantar, a cheadaigh an t-airgead don mhúsaem nua sa bhliain 1996, le linn dó a bheith ina Aire Ealaíon.

Píosa a dó

Bhí slua mór i láthair le déanaí ag cé Leitir Móir ar chósta Chonamara le fáilte abhaile a chur roimh an bád seoil 'An Naomh Bairbre'. Húicéir is ea an bád seoil seo, a thóg Pat Joyce in Chicago. Rinne an húicéir turas 4,500 míle slí ó Chicago trí Lochanna Móra Mheiriceá trasna an Atlantaigh go cé Leitir Móir i gConamara. Cúigear fear an fhoireann a bhí ar an mbád, Pat Joyce é féin ina measc mar scipéir ar an turas fada seo.

Sin deireadh na trialach. Slán.